Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0028(COD)**

**5136/24**
**ADD 1**

**CODEC 19**
**JUSTCIV 3**
**JAI 16**
**JAIEX 4**
**AL 2**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE AGUS Ó PHARLAIMINT NA hEORPA maidir le húdarú atá dírithe ar an bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Éirinn**

Moltar sa Chinneadh údarú a dheonú don bhFrainc chun comhaontú déthaobhach a chaibidliú leis an Ailgéir i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála.

Tuigeann Éire comhthéacs eisceachtúil an Chinnidh atá beartaithe mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún agus ag an bhFrainc araon, agus chuige sin amháin. Is díol sásaimh d’Éirinn an comhaontú maidir leis an togra agus tacaíonn sí go hiomlán leis an bhFrainc a bheith údaraithe an comhaontú leis an Ailgéir a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích.

Tá an Cinneadh atá beartaithe de bhun Airteagal 81(2) agus ós rud é go dtagann an tAirteagal laistigh de Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá feidhm ag Prótacal Uimh. 21 a ghabhann le CAE agus CFAE.

Tá Éire rannpháirteach san acquis bunúsach a bhaineann leis an gCinneadh atá beartaithe agus tá sí faoi cheangal aige[1]. Dá bhrí sin, measann Éire go bhfuil sí faoi cheangal ag an gCinneadh atá beartaithe i gcomhréir le téarmaí Airteagal 6 de Phrótacal 21 CFAE.

I bhfianaise na gcúinsí sin, ní mheasann Éire go dtagann ceist rannpháirtíocht na hÉireann nó neamh-rannpháirtíocht na hÉireann sa Chinneadh atá beartaithe faoi 4 de Phrótacal 21 CFAE chun cinn mar a léirítear faoi láthair in Aithris (11) den Chinneadh maidir le seasamh na hÉireann.

Measann Éire, de réir an fhasach, go léireofaí rannpháirtíocht na hÉireann sna bearta ar bhealach níos cruinne leis an aithris seo a leanas, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 6 de Phrótacal 21:

Déthaobhach sibhialta agus tráchtála

'Tá Éire faoi cheangal ag Treoir 2002/8/CE ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 chun rochtain ar cheartas i ndíospóidí trasteorann a fheabhsú trí rialacha coiteanna íosta a bhunú a bhaineann le cúnamh dlíthiúil do dhíospóidí den sórt sin; Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú); Rialachán (AE) Uimh. 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú); agus Rialachán (AE) 2020/1784 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó tráchtála (doiciméid a sheirbheáil) (athmhúnlú), agus dá bhrí sin tá sé rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.'

Tá an cur chuige seo gan dochar do sheasamh foluiteach na hÉireann ar an ábhar seo.

---

[1] Treoir 2002/8/CE maidir le Cúnamh Dlíthiúil – Aithris 33; Rialachán (AE) 1215/2012 maidir le dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála – Aithris 40; Rialachán (AE) 2020/1783 maidir le Fianaise a Ghlacadh in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála – Aithris 37; Doiciméid (bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha) a sheirbheáil Rialachán (AE) 2020/1784 – Aithris 47